Comhaltas

SCT

Scrúdú Ceol Tíre

Scrúdú Ceol Tíre
Siollabas - Leagan 2016

Arna riar ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA NA hÉIREANN
DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS AND TRADE OF IRELAND

COMHALTAS

SCT

Scrúdú Ceol Tíre

Arna riar ag
COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN

SCRÚDÚ CEOL TÍRE

Siollabas - Leagan 2016

Stiúrthóir / Príomhscrúdaitheoir:
Oisín Mac Diarmada

Bord Scrúdaithe SCT
Majella Bartley
Attracta Brady
Kieran Hanrahan
Jim McAllister
Brenda McCann
Kathleen Nesbitt
Odhrán Ó Casaide
Martin Power
Paddy Ryan

Oifig Scrúdaithe SCT
Clasaċ
Bóthar Ailf Uí Bhroin
Cluain Tarbh
Baile Átha Cliath 3
Éire

sct@comhaltas.ie
http://sct.comhaltas.ie

Dearadh grafach agus leagan amach: Fernando Marcos

COMHALTAS

TÓRAÍOCHT NA SÁRMHAITHEASA

leis an Seanadóir Labhrás Ó Murchú, Ard-Stiúrthóir CCÉ

Is dea scéal é go bhfuil ag eirí thar barr leis an Scrúdú Ceol Tíre (SCT) – á eagrú ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Tá an tionscnamh stairiúil seo tráthúil agus oiriúnach go mór mhór mar lóchrann an dóchais ar an ród seo romhainn. Is breá le daoine óga dúshlán chun caighdeán a fheabhsú agus a gcumas a fhorbairt agus, dar ndóigh, tá an scéal amhlaidh le ceoltóirí traidisiúnta na hÉireann.

Tá ag éirí thar na bearta leis na scrúduithe ceoil tíre, a sheol an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa mí na Nollag 1998. Is sampla eile é an líonra scrúdaithe seo den bheogacht a bhaineann le ceol traidisiúnta na hÉireann agus de na caighdeáin atá á mbaint amach ann. Is inmhaíte anois stádas an cheoil seo, ceol dúchais na hÉireann, ní amháin go náisiúnta ach go hidirnáisiúnta, i measc na hóige thar aon dream eile.

Fáiltíonn daoine óga roimh dhúshlán chun a gcuid scileanna a fheabhsú agus a gcuid caighdeán a ardú agus is amhlaidh do cheoltóirí óga traidisiúnta an lae inniu. Léirigh siad an cumas, an tsolúbthacht agus an chruthaíocht thionscantach atá acu, agus is mó an meas atá ag daoine orthu sa bhaile agus i gcéin. D'fhan na ceoltóirí óga seo dílis don traidisiún a fuair siad le hoidhreacht ó na seanfhondúirí agus ag an am céanna cuireann siad a ndíograis ealaíonta féin i bhfeidhm ar a gcuid ceoltóireachta féin.

Glactar go coitianta leis anois gur cheart an t-aitheantas agus an comhstádas is iomláine a bheith ag an gceol traidisiúnta Éireannach, mar aon leis na hacmhainní riachtanacha go léir is gá, laistigh den chóras oideachais agus ag gach leibhéal. Bímis ag súil nach mór an mhoill go mbainfear an méid sin amach.

Is go fial a chuidigh Micheál Ó hEidhin, nach maireann, iar-Chigire Ceoil leis an Roinn Oideachais le forbairt SCT – bunaithe ar a chúlra gairmiúil traidisiúnta féin – agus siollabas na scrúduithe á bhforbairt. Sa mhéid sin fuair sé cuidiú cumasach ó Choiste Tionscadail CCÉ, is é sin an Dr Antóin Mac Gabhann, an Dr Tomás Ó Canainn, Séamus Mac Mathúna, Máirtín de Paor, Mícheál Ó Briain, Lourda Griffin, Mícheál Ó hAlmhain agus Mary Nugent. Ar na daoine eile a thug lámh chúnta nach beag bhí Noel Hill, Kathleen Nesbitt agus Paddy Ryan. Dóibh siúd go léir a chabhraigh ar bhealach ar bith chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích, gabhaimid buíochas ó chroí.

Tá Ardchomhairle CCÉ, agus go deimhin ballraíocht an Chomhaltais ar fud na cruinne, ag súil go muiníneach le forbairt leanúnach an Scrúdaithe Ceoil Tíre (SCT). Dar linn gur cloch mhíle thábhachtach eile í seo i saol cultúrtha na hÉireann, diaspóra na hÉireann agus chairde na hÉireann.

An Seanadóir Labhrás Ó Murchú
Ard-Stiúrthóir CCÉ

TÚS ÁITE DON OIDEACHAS CEOIL THRAIDISIÚNTA

le hOisín Mac Diarmada, Stiúrthóir agus Príomhscrúdaitheoir SCT

Táthar fós ag ceiliúradh na físe a léirigh Stiúrthóir agus bunaitheoir SCT, Mícheál Ó hEidhin(1938-2012), agus é amuigh chun tosaigh ag treorú forbairt córais scrúdaithe do cheol traidisiúnta na hÉireann i rith bhlianta deiridh na 1990í, agus siollabas seo na bliana 2016 á fhoilsiú.
Nuair a bunaíodh scrúduithe SCT in 1999, cuireadh tús le ré ina raibh tacaíocht foghlama thábhachtach ar fáil do lucht teagaisc agus lucht foghlama cheol traidisiúnta na hÉireann trí mheán córas struchtúrtha maidir le measúnacht ghrádaithe. Anois, agus breis is 50,000 scrúdú curtha i gcrích cheana féin, tá an taithí atá bainte amach againn ón tráth a cuireadh an córas i bhfeidhm ar dtús i gcomhar le hAcadamh Ríoga Ceoil na hÉireann ina hacmhainn ríthábhachtach maidir leis an siollabas athbhreithnithe seo a chur i dtoll a chéile. Idir sin agus seo, tá neart curtha leis an stádas atá ag ceol traidisiúnta na hÉireann mar réimse léinn san oideachas tríú leibhéal, agus tá ról ag tionscnaimh amhail na scrúduithe SCT go fóill maidir le forbairt fhoriomlán a dhéanamh ar thacar leathan scileanna ceoil i bpobal an cheoil thraidisiúnta.
Baineann tábhacht ollmhór leis an gcion atá déanta ag an bhfoireann dhiongbháilte lucht teagaisc atá ar Bhord Scrúdaithe SCT, agus thug siad an-chúnamh go deo maidir leis an athbhreithniú seo ar an siollabas. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag Jim McAllister, Riarthóir SCT, mar aon lena fhoireann ag Clasac, a bhí i mbun oibre gan staonadh mar phríomhphointe teagmhála le múinteoirí agus tuismitheoirí le blianta fada anuas. Gné ríthábhachtach arbh ea an chomhairle agus an saineolas ó Shiobhán Ní Chonaráin, Riarthóir CCÉ, mar aon le Martin Power, Stiúrthóir TTCT, agus muid ag cinntiú go mbeidh cumas oideachasúil den scoth ag an tionscnamh seo. Ba mhaith liom buíochas ar leith a chur in iúl do scrúdaitheoirí SCT in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe, a bhfuil seirbhís dhílis tugtha acu le blianta fada, agus na mílte míle taistealaithe acu chun cuidiú samhail lárionaid scrúdaithe neamhlárnaithe a chur ar fáil lena síntear lámh amach chuig na pobail cheoil áitiúla. Bhí an chomhpháirtíocht le múinteoirí ceoil iomadúla, dream dúthrachtach daoine, ina cuid ríthábhachtach d'fheidhmiú an chórais scrúdaithe seo le 16 bliana anuas, agus táim ag tnúth le coinneáil leis an rannpháirtíocht ghníomhach le cleachtóirí oideachais ceoil agus muid ag déanamh ár ndíchill freastal ar riachtanais oideachais na scoláirí.

Tá seoladh an tSainteastais sa Léiriú i Siollabas na bliana 2016 ar cheann de na forbairtí nua is tábhachtaí. Sa scrúdú teastais seo, atá bunaithe ar cheadal agus ina gcuirtear chun cinn an sármhaitheas sa léiriú aonair, cuirtear bailchríoch ar córas scrúdaithe SCT agus beidh sé amhail droichead i dtreo an Teastais Teagaisc TTCT. Tá súil agam go mairfidh oidhreacht Mhíchíl Uí Eidhin beo trí fhorbairt agus idirnáisiúnú leanúnach na scrúduithe SCT sna blianta atá romhainn amach. Gabhaim buíochas ó chroí libh as an tacaíocht a thugann sibh dúinn i gcónaí.

Oisín Mac Diarmada

Oisín Mac Diarmada
Stiúrthóir agus Príomhscrúdaitheoir SCT

CLÁR ÁBHAIR

Leathanach

Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Scoláirí..... i - ii
Rialacháin Ghinearálta..... iii - iv

AN BHUNSRAITH
Bunsraith 1..... 1
Bunsraith 2..... 2
Bunsraith 3..... 3

Grád 1..... 4
Grád 2..... 5
Grád 3..... 6
Grád 4..... 7
Grád 5..... 8

Treoirlínte do Grád 6 - Grád 8..... 9

Grád 6..... 10
Grád 7..... 11
Grád 8..... 12

Sainteastas sa Léiriú..... 13

Foinn Molta don Bhunsraith..... 14
Foinn Molta do Ghrád 1 – Grád 5 15
Foinn Molta do Ghrád 6 – Grád 8..... 17

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ & SCOLÁIRÍ

1 12 ghrád mar seo a leanas atá i gcóras scrúdaithe SCT:



Tá ceithre chuid sa phróiseas scrúdaithe, .i. Léiriú, Closfheasacht, Plé & Stór Ceoil (móide Tionscadal Taighde i gcás Ghrád 6 – Grád 8 amháin) agus Litearthacht. Déanfar an marc céatadáin agus an grád catagóir foriomlán a bhronnfar a chinneadh ar bhonn marcanna carntha ó gach ceann de na ceithre chuid, mar seo a leanas:

	SCÉIM MHARCÁLA
Bunsraith 1 - Grád 5	
A) Léiriú	**60**
B) Closfheasacht	**15**
C) Plé agus Stór Ceoil	**15**
D) Litearthacht	**10**
Grád 6 - 8	
A) Léiriú	**60**
B) Closfheasacht	**10**
C) Tionscadal Taighde, Plé & Stór Ceoil	**20**
D) Litearthacht	**10**

CATAGÓIRÍ GRÁID FORIOMLÁNA	
Pas	**40% - 59%**
Tuillteanas	**60% - 74%**
Onóracha	**75% - 89%**
Gradam	**90% - 100%**

Tá marc foriomlán íosta 40% (pas), ***le cois*** Pas íosta (24 marc) de dhíth sa chuid Léirithe, chun dul ar aghaidh ó ghrád scrúdú amháin go dtí an chéad ghrád eile. Mura mbainfear amach Pasmharc, spreagtar an t-iarrthóir chun tabhairt faoin scrúdú arís an chéad seisiún scrúdaithe eile. Chun dul ar aghaidh chuig an Sainteastas sa Léiriú, ní mór marc foriomlán íosta 75% (Onóracha) a bhaint amach ar leibhéal Ghrád 8.

Sainteastas sa Léiriú

Scrúdú ceadail is ea an Sainteastas sa Léiriú atá dírithe ar cheoltóirí a bhfuil cumas eisceachtúil acu agus a bhain amach Onóracha ar a laghad i scrúdú Ghrád 8, tar éis gur éirigh leo i scrúduithe Ghrád 6 agus Ghrád 7. Déanfaidh painéal scrúdaitheoirí, ar a mbeidh ar a laghad saincheoltóir amháin ar an uirlis atá faoi scrúdú, an ceadal aonair 40-45 nóiméad a scrúdú.

MIONDEALÚ NA SCÉIME MARCÁLA	IOMLÁN NA MARCANNA
Léirmhíniú	**45 marc**
Scileanna Teicniúla	**35 marc**
Rogha Cláir	**10 marc**
Cur i Láthair ar an Stáitse	**10 marc**

2 Tá an Córas Scrúdaithe SCT ceaptha i gcomhair measúnacht a dhéanamh ar cheol traidisiúnta amháin.

3 Féadfaidh an Scrúdaitheoir a iarraidh ar an iarrthóir gach ceann de riachtanais an léirithe mar atá liostaithe sa siollabas a sheinm, nó cuid díobh. Mura ndéarfaidh an Scrúdaitheoir a mhalairt, ba chóir d'iarrthóirí gach port a sheinm faoi dhó, ach amháin i gcás Ríl Aonair, ar cheart í a sheinm trí huaire.

4 Ní mór d'iarrthóirí Stórliosta a chur faoi bhráid an Scrúdaitheora, ina mbeidh léargas ar inniúlacht tríd an stór port atá foghlamtha mar aon leis an ábhar léirithe don scrúdú. Ba chóir don liosta sin a bheith scríofa go soiléir nóclóscríofa, go mbeadh na poirt uimhrithe agus go mbeidís curtha i gcatagóirí de réir cineálacha port éagsúla. Tugtar treoir sa siollabas faoin líon port atá de dhíth i gcomhair gach scrúdaithe. Níltear ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí ar an gcláirseach nó ar an bpianó tionlacan láimhe clé i gcomhair port ar an Stórliosta.

5 Is iad na hiarrthóirí féin atá freagrach as a gcuid uirlisí a chur ar fáil agus a chur i dtiúin.

6 Ní ceadmhach d'iarrthóirí tionlacan ó aon uirlis eile a bheith acu le linn an scrúdaithe.

7 Féadfar iarrthóirí a scrúdú maidir le hábhar siollabais a bhaineann le gráid roimh an ngrád ina bhfuil siad.

8 I gcuid an Léirithe de na Gráid Bunsraith 1 go dtí Grád 2, féadfaidh iarrthóirí a n-iarrtar orthu fonn a sheinm séis mhall thraidisiúnta Éireannach ar bith a sheinm, de réir meádar docht nó gan a bheith dá réir. Ó Ghrád 3 ar aghaidh, sa chás ina n-iarrtar ar iarrthóirí Fonn Mall a sheinm, ba chóir gur séis nach bhfuil de réir meádar docht a bheadh i gceist, i gcáil amhráin nó fonn uirlise.

9 Ní ceadmhach d'iarrthóirí ceol i scríbhinn de chineál ar bith a úsáid le linn an choda Léirithe. Is inghlactha, áfach, nótaí a chur le tús na bport ar an Stórliosta chun cuidiú leis an gcuimhne.

10 Ba chóir d'iarrthóirí scríobh chuig Oifig Scrúdaithe SCT tamall maith roimh an dáta iontrála, i leith aon uirlise nach bhfuil ar fáil mar rogha uirlise ar an gcóras iontrála imlíneach.

11 Féadfar dréachtaí léirithe a roghnú ón liosta Port Molta ar leathanach 14 go leathanach 19 den siollabas seo. Mar mhalairt rogha, féadfaidh iarrthóirí a rogha dréachtaí féin a sheinm, ar choinníoll iad a bheith ar chomhchaighdeán le Liosta na nDréachtaí Molta. Tabharfar creidiúint do chumas an iarrthóra na poirt a dhéanamh suimiúil trí mhaisiú agus breachnú cuí, go háirithe agus é nó í ag teacht chun cinn trí na gráid.

12 Ar leibhéal Ghrád 8, bronnfar Bonn Mhichíl Uí Eidhin ar iarrthóirí a bhainfidh amach grád ar chaighdeán Gradaim, mar aitheantas gur bhain siad amach caighean léirithe ceoltóireachta den scoth.

RIALACHÁIN GHINEARÁLTA

1 Tá sé an-tábhachtach go gclárófaí iarrthóirí nua ar leibhéal a oireann dá gcumas foriomlán agus ba cheart an cinneadh sin a dhéanamh i gcomhar lena múinteoir. Chuige sin is den riachtanas é go mbreithnítear gach gné den siollabas go cúramach.

Ní mór d'iarrthóirí a chuireann isteach ar Ghrád 6 a bheith 14 bliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir i mbliain an scrúdaithe. Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí fianaise ar an méid sin a thabhairt ar aird trí bhunteastas breithe nó pas.

Ní mór go mbeadh Grád 6, Grád 7 agus Grád 8 curtha i gcrích ag iarrthóirí ar an Sainteastas sa Léiriú agus gur bhain siad amach grád Onóracha ar a laghad i scrúdú Ghrád 8.

I gcás scrúduithe Ghrád 6, Ghrád 7 agus Ghrád 8, ní mór Tionscadal Taighde a chur isteach leis an iarratas. Tá treoirlínte sa siollabas maidir le hiarratas a chur isteach.

2 Áit na Scrúduithe

Beidh na scrúduithe ar siúl i lárionaid ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Roghnófar na lárionaid sin ar bhonn a n-oiriúnachta. Is gá 25 iarrthóir, ar a laghad, de ghnáth chun Lárionad a chur ar bun, ach i gcás líon na n-iarrthóirí a bheith níos ísle, breithneofar iarratais ar líon iarrthóirí níos lú a chur faoi scrúdú i Lárionad in imthosca áirithe.

3 Dátaí na Scrúduithe

Earrach / samhradh: amach i mí an Mhárta go dtí laethanta tosaigh Mheithimh

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ullamh le bheith i láthair le haghaidh scrúdaithe aon dáta laistigh den tréimhse shonraithe (lena n-áirítear an Domhnach)

Féadfar litir a chur isteach leis an bhfoirm iarratais nó na foirmeacha iarratais, ag sonrú dátaí nach n-oirfeadh don iarrthóir. Déanfar gach iarracht na hiarratais sin a chur san áireamh ach ní féidir gealltanas ar bith a thabhairt go seachnófar na dátaí sin. Nuair a bheidh dátaí agus amanna socraithe don scrúdú, ní féidir iad a athrú.

4 Táillí, Modh Iontrála agus Dáta Iontrála

Tá sonraí na dtáillí iontrála ar fáil ó láithreán gréasáin SCT ag http://sct.comhaltas.ie
Féadfaidh brainse de Chomhaltas, scoil, múinteoir, tuismitheoir nó caomhnóir iarrthóirí a rollú. Ní mór iarratais a dhéanamh ar líne ar láithreán gréasáin SCT nó ar fhoirm iarratais oifigiúil; féadfar cóip den fhoirm iarratais oifigiúil a íoslódáil ó láithreán gréasáin SCT. Má iarrtar leasuithe tar éis an fhoirm nó na foirmeacha iontrála a chur isteach, d'fhéadfaí go ngearrfar táille bhreise. Eiseofar amanna na gcoinní do na hiarrthóirí de réir an oird ina bhfuil siad ar an bhFoirm Iarratais. Ní mór na foirmeacha iarratais mar aon leis na táillí iomlána a bheith faighte ag Oifig Scrúdaithe SCT faoi nó roimh an spriocdháta. Ní mór gach cumarsáid le hOifig Scrúdaithe SCT a bheith ar an ríomhphost chuig an seoladh seo a leanas: sct@comhaltas.ie

Ní ghlacfar le hiarratais déanacha

Ba cheart Seic amháin in aghaidh an iarrthóra, iníoctha le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, ar mhéid iomlán na dtáillí, a bheith ar an bpost díreach i ndiaidh iarratas a chur isteach ar líne, nó é a bheith in éineacht leis an bhfoirm nó na foirmeacha iontrála sa chás nach mbaintear leas as an gcóras iontrála ar líne. Is oth linn nach féidir glacadh le hairgead tirim ar chúinsí slándála.
I gcás iarrthóirí Ghrád 6-8, ní mór cóip den Tionscadal Taighde, i bhfoirm ceangaltán r-phoist amháin (formáid PDF nó Word), a bheith faighte ag Oifig Scrúdaithe SCT faoi 5 pm ar an 1 Márta roimh an scrúdú. Ní mór go mbeadh Bileog Chumhdaigh chomhlánaithe leis an Tionscadal Taighde; is féidir cóip den Bhileog Chumhdaigh a íoslódáil ó láithreán gréasáin SCT. Ní dhéanfar aon Tionscadal Taighde a fhaighfear i ndiaidh an dáta seo a mheas agus, dá réir sin, ní bheidh an t-iarrthóir incháilithe d'aon mharc don chuid seo.

5 Scrúduithe a Reachtáil trí Mheán na Gaeilge

Éascófar iarratas ar scrúdú/scrúduithe a reáchtáil trí Ghaeilge más féidir, ar an gcoinníoll go n-iarrtar a leithéid tráth déanta an iarratais.

6 Iarrthóirí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Déanfar socruithe chun freastal ar iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu ach áiseanna den sórt sin a iarraidh tráth na hiontrála. Déanfar gach iarrthóir a mheasúnú ar an mbonn céanna.

7 Fógraí faoi Dháta agus Am

Cuirfear amach fógraí chomh luath agus is féidir chuig an iarratasóir (i. brainse de Chomhaltas, scoil, múinteoir, tuismitheoir nó caomhnóir), ina sonrófar an dáta beacht a bhfuil sé socraithe sa Sceideal go dtabharfaidh an Scrúdaitheoir cuairt ar an Lárionad lena mbaineann agus amchlár d'iarrthóirí uile an scrúdaitheora sin. Ní mór d'iarrthóirí a bheith i láthair le haghaidh scrúdaithe ag an am a shonraítear san amchlár. Ní féidir a bheith ag súil leis go n-athróidh an Scrúdaitheoir am an scrúdaithe d'aon iarrthóir. Féadfar an t-amchlár a athrú in imthosca eisceachtúla. Ní mór fógra i scríbhinn a thabhairt don Oifig Scrúdaithe SCT maidir le haon athruithe a bheartaítear agus féadfar táille bhreise a ghearradh as an tseirbhís sin. Luaigh Uimhir an Iarratasóra ar aon chomhfhreagras leis an oifig le do thoil, chun cuidiú léi iarratais a phróiseáil. Ní dhéanfar cumarsáid ar an teileafón. Measfar aon iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar an scrúdú ag an am sonraithe a bheith as láthair.

8 Neamhláithreacht ó Scrúdú

Aon iarrthóir a mhainneoidh freastal ar scrúdú ar an dáta agus ag an am a bheidh ceaptha, déanfaidh sé nó sí aon táille iontrála a fhorghéilleadh, ach amháin i gcás breoiteachta. Sa chás sin ní mór deimhniú dochtúra a chur chuig an Oifig Scrúdaithe SCT. Ní mór fógra maidir leis sin a chur chuig an Oifig Scrúdaithe laistigh de sheacht lá ó dháta an scrúdaithe. Ní féidir dátaí a athrú mar gheall ar scrúduithe scoile, turais scoile, saoire teaghlaigh, srl., ach amháin má shonraítear an méid sin ar an bhfoirm iarratais. Ba cheart dátaí sonraithe a bheith i gceist le hiarratais den chineál sin. Ní bhreithneofar iarratais ar bhlocdhátaí. Féadfaidh Oifig Scrúdaithe SCT, faoina rogha féin, cibé cuid den táille iontrála a chinnfear, a aisíoc, nó a shocrú an t-iarrthóir a chur faoi scrúdú ag dáta níos faide anonn.

9 Torthaí na Scrúduithe

Cuirfidh an Oifig Scrúdaithe SCT Bileog Torthaí agus Teastas, nach bhfuil aon dúblach ann dó, ar an bpost chuig gach iarratasóir, ar a mbeidh sonraí na dtorthaí. Ní féidir leis an oifig aon fhreagracht a ghlacadh as Bileog Torthaí / Teastas ar bith nach bhfaighfear tar éis iad a sheoladh amach ar an bpost. Is oth linn nach féidir torthaí a chur in iúl don Iarratasóir ar an teileafón.
Ní mór gearáin a chur i scríbhinn chuig Oifig Scrúdaithe SCT, Clasac, Bóthar Ailf Uí Bhroin, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3, laistigh de 30 lá tar éis na torthaí a fháil. Ní mór táille €50 a chur isteach in éineacht leis an ngearán scríofa, agus aisíocfar an táille sin má sheastar leis an ngearán. Breithneoidh an Bord Scrúdaithe SCT na gearáin agus cuirfear cinneadh in iúl don Iarratasóir laistigh de 30 lá ó fuarthas an gearán. Is cinntitheach é cinneadh an Bhoird Scrúdaithe SCT.

BUNSRAITH 1

Léiriú (60 marc):
2 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí a rogha féin de ***dhá phort*** ar bith a sheinm.

Closfheasacht (15 mharc):
Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim barra amháin in am 4/4 a bhualadh amach leis na bosa mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó.***



2) cineál foinn a aithint agus a ainmniú ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn nó Polca.

3) dealú a dhéanamh idir nóta ard agus nóta íseal a mbeidh cúigeach eatarthu (an fhréamh D agus an A os a chionn), a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, in ord ar bith, ar uirlis.

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):
Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta an tsuim atá acu sa cheol traidisiúnta a phlé leis an Scrúdaitheoir, mar aon le cén áit agus cén chaoi a bhfoghlaimíonn siad an ceol, agus cur amach éigin a léiriú ar uirlisí traidisiúnta eile seachas a n-uirlis féin.

Litearthacht (10 marc):
Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh ghearr a sheinm ar a n-uirlis féin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht agus ina mbeidh na nótaí D agus D'.



BUNSRAITH 2

Léiriú (60 marc):
2 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn amháin*** agus ***Port Rince amháin*** dá rogha féin a sheinm.

Tabhair faoi deara: Is féidir an Fonn a roghnú ó liosta fonn bunúsach molta ar leathanach 14 den Siollabas, nó aon séis thraidisiúnta mhall mar mhalairt air sin.

Closfheasacht (15 mharc):
Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim barra amháin in am 4/4 a bhualadh amach leis na bosa mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó.***



2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***,
i. Fonn nó Máirseáil.

3) dealú a dhéanamh idir nóta ard agus nóta íseal a mbeidh cúigeach nó seiseach eatarthu (an fhréamh D agus an A nó B os a chionn), a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó*** ar uirlis.

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):
Ba cheart go mbeadh ar chumas iarrthóirí plé ginearálta a dhéanamh ar an méid a bhíonn ar siúl ina gcuid ranganna ceoil agus ina sceideal chleachtaidh, agus feasacht éigin a bheith acu ar uirlisí ceoil seachas an uirlis atá acu féin.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***2 phort*** ar a laghad, gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm.

Litearthacht (10 marc):
Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh ghearr a sheinm ar a n-uirlis féin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht agus ina mbeidh na nótaí D, D', G agus G'.



BUNSRAITH 3

Léiriú (60 marc):
3 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn amháin***, ***Máirseáil amháin,*** agus ***Port Rince amháin*** (dá rogha féin) a sheinm.

Tabhair faoi deara: Is féidir an Fonn a roghnú ó liosta fonn bunúsach molta ar leathanach 14 den Siollabas, nó aon séis thraidisiúnta mhall mar mhalairt air sin.

Closfheasacht (15 mharc):
Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim barra amháin in am 4/4 a bhualadh amach leis na bosa mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó.***

2) cineál foinn a aithint agus a ainmniú ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Polca, Port Dúbailte.

3) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D agus leas á bhaint as na nótaí - D, F#, G, A - ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí.***

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):
Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta an tsuim atá acu sa cheol traidisiúnta a phlé leis an Scrúdaitheoir, mar aon leis an taithí atá acu go dtí seo ina leith. Tá eolas éigin ar a n-uirlis féin de dhíth, lena n-áirítear ceoltóir éigin a ainmniú atá i mbéal an phobail agus a bhíonn ag seinm ar an uirlis sin.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***5 phort*** ar a laghad, gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm.

Litearthacht (10 marc):
Iarrfar ar iarrthóirí amharcthriail ghearr a sheinm ar a n-uirlis féin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht agus ina mbeidh na nótaí D, D', G, G', E, E'.



GRÁD 1

Léiriú (60 marc):
3 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn amháin***, ***Polca amháin,*** agus ***Port Dúbailte amháin*** a sheinm.

Tabhair faoi deara: Is féidir an Fonn a roghnú ó liosta fonn bunúsach molta ar leathanach 14 den Siollabas, nó aon séis thraidisiúnta mhall mar mhalairt air sin.

Closfheasacht (15 mharc):
Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim dhá bharra a bhualadh amach leis na bosa in am 4/4, mar theaglaim ar bith de bhuillí croisín (ceathrú nóta) agus camáin (ochtú nóta), agus minim (leathnóta) mar dheireadh, mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó.***



2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte nó Ríl.

3) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D agus leas á bhaint as na nótaí - D, E, F#, G, A, - ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí.***

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):
Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta an tsuim atá acu sa cheol traidisiúnta a phlé leis an Scrúdaitheoir, mar aon leis an dul chun cinn atá déanta acu ina leith, agus cur amach éigin a léiriú ar cheoltóirí traidisiúnta ina gceantair féin. Ba cheart go mbeadh feasacht ag iarrthóirí freisin ar imeachtaí ceoil thraidisiúnta ina gceantair féin, ar nós an Fleadh Cheoil.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***10 bport*** ar a laghad (ina mbeidh 3 chineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):
Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh ghearr a sheinm ar a n-uirlis féin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht agus ina mbeidh na nótaí D, D' G, G', E, E', A, B.



GRÁD 2

Léiriú (60 marc):

4 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn amháin***, ***Polca amháin***, agus ***Ríl amháin*** a sheinm, mar aon le ***ceann amháin*** acu seo a leanas (rogha an iarrthóra): Port Singil, Port Dúbailte, Sleamhnán.

Tabhair faoi deara: Is féidir an Fonn a roghnú ó liosta fonn bunúsach molta ar leathanach 14 den Siollabas, nó aon séis thraidisiúnta mhall mar mhalairt air sin.

Closfheasacht (15 mharc):

Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim dhá bharra a bhualadh amach leis na bosa in am 4/4 nó dhá bharra in am 3/4 i dteaglaim ar bith de bhuillí croisín (ceathrú nóta/ceathrú nóta poncaithe) agus buillí camán (ochtú nóta), mar a léireoidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***.



2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán.

3) an nóta uachtarach de 2 nóta D-D', D-A, D-F# a ainmniú, tar éis an fréamhnóta D, a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, a fháil.

4) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D agus leas á bhaint as na nótaí - D, E, F#, G, A, B - ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí***.

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta an tsuim atá acu sa cheol traidisiúnta a phlé agus sampla a thabhairt de thaifeadadh ceoil thraidisiúnta (taifeadadh fuaime nó fístaifeadadh) ar bhain siad sult as. Iarrfar ar iarrthóirí cúpla ceoltóir atá i mbéal an phobail a ainmniú thar raon uirlisí, go háirithe ceoltóirí a bhfuil fáil éasca ar an gcuid ceoil ar dhlúthdhiosca.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***15 phort*** ar a laghad (ina mbeidh 3 chineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh ghearr a sheinm ar a n-uirlis féin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht agus ina mbeidh na nótaí D, D', G, G', E, E', A, B, F#, C#.



GRÁD 3

Léiriú (60 marc):
5 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn Mall amháin***, ***Cornphíopa amháin***, ***Port Dúbailte amháin*** agus ***Ríl amháin*** a sheinm, mar aon le ***ceann amháin*** acu seo a leanas (rogha an iarrthóra): Port Singil, Sleamhnán.

Tabhair faoi deara: Féadfar an Fonn Mall a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 15 den Siollabas.

Closfheasacht (15 mharc):
Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim dhá bharra in am 4/4 nó dhá bharra in am 6/8 a bhualadh amach leis na bosa (mar a bhíonn i bpoirt dhúbailte) i dteaglama simplí rithimeacha, mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***.



2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa.

3) an nóta uachtarach de dhá nóta D-D', D-A, D-F# nó D-E a ainmniú, tar éis an fréamhnóta D, a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, a fháil.

4) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D agus leas á bhaint as as nótaí uile an scála, ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí***.

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):
Ba chóir do na hiarrthóirí a bheith ábalta roinnt de na príomhcheoltóirí ón am atá caite thar raon uirlisí ceoil a ainmniú, agus roinnt buneolais a bheith acu faoina gcuid stíleanna ceoil.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***20 port*** ar a laghad (ina mbeidh 4 chineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):
Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta mórscála D a sheinm, ochtach amháin suas agus síos, ar a n-uirlis féin.

Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh ghearr a sheinm i mórghléas D, triail ina mbeidh 10-12 nóta croisín nó camáin, scríofa gan bharralínte i gcliathnodaireacht.



Iarrfar ar iarrthóirí cá gcuirfí an chéad bharralíne i sampla, má tá amchomhartha 4/4 nó 3/4 tugtha.

GRÁD 4

Léiriú (60 marc):

6 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn Mall amháin***, ***Ríl amháin***, ***Cornphíopa amháin*** agus ***Port Luascach amháin*** a sheinm, mar aon le ***ceann amháin*** de na ***roghanna nasctha*** seo a leanas (rogha an iarrthóra): dhá Phort Dhúbailte, dhá Shleamhnán, dhá Phort Shingile.

Tabhair faoi deara: Féadfar an Fonn Mall a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 15 den Siollabas.

Closfheasacht (15 mharc):

Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim dhá bharra in am 4/4, dhá bharra in am 3/4, nó dhá bharra in am 6/8 a bhualadh amach leis na bosa mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***.

2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa, Port Luascach.

3) an nóta uachtarach de dhá nóta D-D', D-A, D-F#, D-E nó D-G a ainmniú, tar éis an fréamhnóta D, a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, a fháil.

4) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D, ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí.***

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):

Ba chóir d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil siad ag cur leis an eolas atá acu ar ghnéithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta de cheol traidisiúnta na hÉireann agus ar na tréithe stíle a bhaineann leis. Ina theannta sin, ba cheart go mbeidís ábalta plé a dhéanamh faoin méid atá ag tarlú i réimse an cheoil áitiúil, an cheoil Éireannaigh nó an cheoil thar lear, .i. grúpaí, bannaí ceoil, brainsí de Chomhaltas nó féilte.

Ba cheart dóibh tuiscint mhaith ar uirlis seachas a n-uirlis féin a thaispeáint, mar aon le tuiscint ar mhaisiú agus ar bhreachnú.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***25 port*** ar a laghad (ina mbeidh 5 chineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta mórscála D agus mórscála G a sheinm, ochtach amháin suas agus síos, ar a n-uirlis féin.

Iarrfar ar iarrthóirí freisin triail amharcléimh 2 bharra a sheinm i mórghléas D nó mórghléas G, ina mbeidh croisíní agus camáin, a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht. Iarrfar orthu freisin gléaschomhartha na trialach amharcléimh a shainaithint.



GRÁD 5

Léiriú (60 marc):

7 bport mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí ***Fonn Mall amháin***, ***Cornphíopa amháin***, ***dhá Phort Dhúbailte*** (nasctha) agus ***dhá Ríl*** (nasctha) a sheinm, mar aon le ***ceann amháin*** acu seo a leanas (rogha an iarrthóra): Port Luascach, Sleamhnán.

Tabhair faoi deara: Féadfar an Fonn Mall a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 15 den Siollabas

Closfheasacht (15 mharc):

Iarrfar ar iarrthóirí

1) rithim dhá bharra in am 4/4, dhá bharra in am 3/4, dhá bharra in am 6/8 nó dhá bharra in am 4/4 a bhualadh amach leis na bosa (mar a bhíonn i gCornphíopaí le buillí ¾ agus ¼), mar a thaispeánfaidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó.***



2) cineál foinn a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa, Port Luascach, Masúrca. Ina theannta sin, iarrfar orthu maisiú simplí a aithint ar aon cheann de na poirt thuas, i. nótaí maise (gearradh), tríríní (legato nó staccato), rollanna, nótaí sleamhnacha.

3) an nóta uachtarach de dhá nóta a ainmniú, arb é Fréamh D an nóta íochtarach, agus arb aon nóta ó Mhórscála Diatonach D an nóta uachtarach, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***.

4) mír shimplí 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D, ar cosúil an rithim leis an gClosfheasacht (1) thuas, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí***.

Plé & Stór Ceoil (15 mharc):

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ábalta labhairt faoi fhoirmeacha simplí cóiriúcháin ceoil atá le fáil i gceol traidisiúnta na hÉireann, ag tarraingt ar aon taithí atá acu ar a bheith ag seinm i ngrúpa i bhFleadhanna Ceoil, comórtais eile, féilte, agus araile. Ba cheart go ndéanfar tagairt sa phlé freisin don mhéid atá tarlaithe maidir le cóiriúchán ceoil a dhéanann grúpaí traidisiúnta Éireannacha thar roinnt mhaith blianta.

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***30 port*** ar a laghad (ina mbeidh 6 chineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta mórscála D, mórscála G agus mórscála A a sheinm, ochtach amháin suas agus síos, ar a n-uirlis féin.
Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh shimplí 2 bharra a sheinm in am 4/4 nó 6/8, trí chroisíní, camáin, croisíní poncaithe agus minimí, a bheidh scríofa i gcliathnodaireacht, a úsáid. Iarrfar ar iarrthóirí gléaschomhartha na trialach amharcléimh a aitint agus a rá cibé an mórghléas G, mórghléas D, nó mórghléas A atá i gceist.

eg



Scrúdú Ceol Tíre

Treoirlínte do Gráid 6 - 8

Gach iarrthóir a chuireann isteach ar Ghrád 6 – Grád 8, ní mór dó nó di dul isteach ar dtús ar leibhéal Ghrád 6. Ní mór d'iarrthóirí a chuireann isteach ar scrúdú Ghrád 6 a bheith 14 bliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir i mbliain an scrúdaithe.

I gcás Ghrád 6, Grád 7 agus Grád 8, ní mór d'iarrthóirí ***Tionscadal Taighde*** a chur isteach mar chuid den scrúdú. Ní mór cóip den Tionscadal Taighde, i bhfoirm ceangaltán r-phoist amháin (formáid PDF nó Word), a bheith faighte ag Oifig Scrúdaithe SCT faoi 5 pm ar an 1 Márta roimh an scrúdú. Ní mór go mbeadh Bileog Chumhdaigh chomhlánaithe leis an Tionscadal Taighde; is féidir cóip den Bhileog Chumhdaigh a íoslódáil ó láithreán gréasáin SCT. Ní dhéanfar aon Tionscadal Taighde a fhaighfear i ndiaidh an dáta seo a mheas agus, dá réir sin, ní bheidh an t-iarrthóir incháilithe d'aon mharc don chuid seo.

Ní mór admháil a dhéanamh i leith gach foinse, idir ábhar fuaime, ábhar físeáin agus ábhar scríofa (lena n-áirítear ar líne) a úsáideadh agus an Tionscadal Taighde á ullmhú, agus má dhéantar aon ábhar atá ann cheana a chóipeáil nó bradaíl a dhéanamh air, ní bheidh an tionscadal inghlactha i gcomhair marcála.

I rith na coda Plé & Stóir Cheoil den scrúdú, pléifidh an Scrúdaitheoir roinnt gnéithe den Tionscadal Taighde leis an iarrthóir. Díreofar go háirithe ar chumas an iarrthóra cuimhneamh ar fhaisnéis thábhachtach ón Tionscadal Taighde.

Féadfar dréachtaí léirithe a roghnú ón liosta Foinn Molta ar leathanaigh 17 go 19 den Siollabas seo. Mar mhalairt air sin, féadfaidh iarrthóirí a rogha dréachtaí féin a sheinm, ar choinníoll iad a bheith ar chomhchaighdeán (ar a laghad) le liosta na bhfoinn molta.

Iarrthóirí a bhainfidh amach Gradam sa ***Ghrád 8***, bronnfar bonn Mhichíl Uí Eidhin orthu mar aitheantas gur bhain siad amach caighdeán léirithe den scoth ar a n-uirlis.

GRÁD 6

Léiriú (60 marc):

8 bport as liosta ullmhaithe de 13 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí iad seo a leanas a sheinm: ***Fonn Mall amháin, dhá Phort Dhúbailte*** (nasctha), ***dhá Phort Luascacha*** (nasctha), ***dhá Ríl*** (nasctha).

Ina theannta sin, iarrfar orthu ***ceann amháin*** acu seo a leanas a sheinm: Masúrca, Flaing, Damhsa Sciobóil, Cornphíopa, Schottische nó Polca (mar a roghnóidh an Scrúdaitheoir).

Tabhair faoi deara: Féadfar an Fonn Mall a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 17 den Siollabas

Closfheasacht (10 marc):

Iarrfar ar iarrthóirí:

1) cineál foinn ***agus*** amchomhartha a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa, Port Luascach, Masúrca, Damhsa Sciobóil.

2) an nóta uachtarach de dhá nóta a ainmniú, arb é Fréamh D an nóta íochtarach, agus arb aon nóta ón Mórscála Diatonach D an nóta uachtarach, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***.

3) mír 2 bharra in am 4/4 a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D le úsáid ornáidithe, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí.***

Tionscadal Taighde, Plé & Stór Ceoil (20 marc):

Tionscadal Taighde

Is éard is comhair a bheith sa Tionscadal Taighde ar leibhéal Ghrád 6 ná aiste ina bhfuil líon nach mó ná 750 focal ar beathaisnéis í de cheoltóir traidisiúnta aitheanta éigin (áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta), ina léirítear fianaise ar thaighde bunaidh (m.sh, agallamh ar an láthair, cuairteanna ar chartlanna réigiúnacha nó ar chartlanna náisiúnta) agus anailís cheoil. Ní mór admháil a dhéanamh i leith gach foinse, idir ábhar fuaime, ábhar físeáin agus ábhar scríofa (lena n-áirítear ar líne) a úsáideadh. (féach ar leathanach 9 freisin)

Plé

Déanfar an Tionscadal Taighde a phlé leis an iarrthóir le linn an scrúdaithe, agus beidh tábhacht mhór le cumas an iarrthóra cuimhneamh ar fhaisnéis ábhartha agus í a phlé. Beifear ag súil freisin go mbeidh iarrthóirí ar an eolas faoi ghníomhaíocht cheoil ina gceantair áitiúla féin, lena n-áirítear cur amach maith a bheith acu ar cheoltóirí áitiúla agus a gcuid saintréithe stíle.

Stór Ceoil

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***40 port*** ar a laghad (ina mbeidh 7 gcineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta mórscála D, mórscála G, mórscála A agus mórscála C a sheinm, ochtach amháin suas agus síos, ar a n-uirlis féin. Ina theannta sin, ba cheart go mbeidís ábalta an Mód Dórach (Mód Ré) a sheinm in D .i. E, F#, G, A, B, C#, D', E'.

Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh 4 bharra a sheinm in am 6/8, 3/4, 4/4 agus leas á bhaint as minimí, croisíní, camáin agus croisíní poncaithe i mórghléas D, mórghléas G nó mórghléas A. Iarrfar ar iarrthóirí amchomhartha trialach amharcléimh a aithint mar cheann de 6/8, 4/4, nó 3/4, nach mbeidh léirithe ar an scór a bheidh scríofa sa chliathnodaireacht. m.sh.



GRÁD 7

Léiriú (60 marc):

9 bport as liosta ullmhaithe de 15 phort mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí iad seo a leanas a sheinm: ***Fonn Mall amháin***, ***dhá Phort Dhúbailte*** (nasctha), ***dhá Phort Luascacha*** (nasctha), ***dhá Ríl*** (nasctha), ***Port Singil nó Sleamhnán amháin*** (rogha an iarrthóra).

Ina theannta sin, iarrfar orthu ***ceann amháin*** acu seo a leanas a sheinm: Masúrca, Flaing, Damhsa Sciobóil, Cornphíopa, Schottische, Polca, Coiscéim (mar a roghnóidh an Scrúdaitheoir).

Tabhair faoi deara: Féadfar an Fonn Mall a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 17 den Siollabas

Closfheasacht (10 marc):

Iarrfar ar iarrthóirí

1) cineál foinn ***agus*** amchomhartha a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa, Port Luascach, Masúrca, Damhsa Sciobóil, Flaing, Máirseáil Chlainne. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta freisin úsáid ornáidithe ar bith a aithint sa tséis shamplach.

2) mír 2 bharra in am 4/4 a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D nó mórghléas G le úsáid ornáidithe, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí***.

3) As sampla de phort 32 barra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***uair amháin***, ba chóir d'iarrthóirí a aithint cibé an bhfuil an port bunaithe ar Mhód Dó (Iónach) G nó D, nó bunaithe ar Mhód Ré (Dórach) G nó D. Ba chóir d'iarrthóirí a mhíniú freisin conas ar tháinig siad ar a bhfreagra.

Samplaí de phoirt sa Mhód Dó (Iónach) agus sa Mhód Ré (Dórach):

- ***Mód Dó:*** Sally Gardens (Ríl) nó Boys of Bluehill (Cornphíopa)
- ***Mód Ré:*** Drowsy Maggie (Ríl), The Sligo Maid (Ríl), Old Man Dillon (Port Dúbailte)

Tionscadal Taighde, Plé & Stór Ceoil (20 marc):

Tionscadal Taighde

Sa Tionscadal Taighde ar leibhéal Ghrád 7, déantar anailís ina bhfuil líon nach lú ná 750 focal ar ***bheirt*** cheoltóirí iomráiteacha a bhíonn nó a bhíodh i mbun taifeadta, duine ón ré roimh na 1960í agus duine ón ré i ndiaidh na 1960í. Ba cheart go gcuirfí ábhar taifeadta sonrach ón mbeirt cheoltóirí i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile sa tionscadal, chun léiriú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht agus/nó athruithe ar stíleanna léirithe sa tréimhse ama atá faoi chaibidil. Ní mór admháil a dhéanamh i leith gach foinse, idir ábhar fuaime, ábhar físeáin agus ábhar scríofa (lena n-áirítear ar líne) a úsáideadh, agus ní mór tagairt scríofa a dhéanamh d'aon taighde bunaidh (m.sh. agallamh, cuairt ar chartlanna réigiúnacha nó ar chartlanna náisiúnta) a rinneadh. (féach ar leathanach 9 freisin)

Plé

Déanfar an Tionscadal Taighde a phlé leis an iarrthóir le linn an scrúdaithe, agus beidh tábhacht mhór le cumas an iarrthóra cuimhneamh ar fhaisnéis ábhartha agus í a phlé. Ina theannta sin, beifear ag súil go bpléifidh iarrthóirí teacht chun cinn stíleanna seanma in Éirinn agus i measc dhiaspóra na hÉireann thar lear ar fud raon uirlisí éagsúla ó thús an 20ú haois go dtí an lá atá inniu ann.

Stór Ceoil

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***50 port*** ar a laghad (ina mbeidh 8 gcineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh. Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta mórscála D, mórscála G, mórscála A, mórscála C agus mórscála F a sheinm, ochtach amháin suas agus síos, ar a n-uirlis féin. Ina theannta sin, iarrfar ar iarrthóirí ochtach amháin suas agus síos a sheinm ar an 2 Scála Mhódúla seo a leanas: an Mód Dórach (Mód Ré) in D, .i. E, F#, G, A, B, C#, D', E' agus anuas arís go dtí E, mar aon leis an Mód Lá (Mód Aeólach) [de Mhórghléas D .i. B, C#, D', E', F'#, G', A', B'].

Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh 8 mbarra a sheinm in am 2/4, 4/4, 6/8 nó 9/8 i mórghléas G, mórghléas D nó mórghléas A ina bhféadfadh sé go mbeadh croisíní, camáin, leathchamáin agus nótaí poncaithe. Tabharfar nóiméad amháin d'iarrthóirí chun staidéar a dhéanamh ar an gcliathnodaireacht sula dtosóidh siad.

GRÁD 8

Léiriú (60 marc):

12 phort as liosta ullmhaithe de 20 port mar seo a leanas:
Iarrfar ar iarrthóirí iad seo a leanas a sheinm: ***dhá Fhonn Mhalla***, ***dhá Phort Dhúbailte*** (nasctha), ***dhá Phort Luascacha*** (nasctha), ***dhá Shleamhnán*** (nasctha), ***dhá Ríl*** (nasctha) agus ***Ríl amháin*** ina mbeidh trí chuid nó níos mó.

Ina theannta sin, iarrfar orthu ***ceann amháin*** acu seo a leanas a sheinm: Masúrca, Flaing, Damhsa Sciobóil, Cornphíopa, Schottische, Polca, Damhsa Seite, Máirseáil Chlainne, Plancstaí (mar a roghnóidh an Scrúdaitheoir).

Tabhair faoi deara: Féadfar na Foinn Mhalla a roghnú ó liosta fonn mall molta ar leathanach 17 den Siollabas

Closfheasacht (10 marc):

Iarrfar ar iarrthóirí

1) cineál foinn ***agus*** amchomhartha a aithint ar bhonn séis shamplach 8 mbarra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi dhó***, i. Fonn, Máirseáil, Polca, Port Dúbailte, Ríl, Sleamhnán, Cornphíopa, Port Luascach, Masúrca, Damhsa Sciobóil, Flaing, Máirseáil Chlainne, Port Singil, Schottische. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ábalta freisin úsáid ornáidithe ar bith a aithint sa tséis shamplach.

2) mír 2 bharra a athsheinm ar a n-uirlis i mórghléas D, mórghléas G, nó mórghléas A le úsáid ornáidithe, mar a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***faoi thrí***.

3) As sampla de phort 32 barra a sheinnfidh an Scrúdaitheoir ***uair amháin***, ba chóir d'iarrthóirí a aithint cén ceann de na rogha seo a leanas ar a bhfuil an port bunaithe: Mód Dó (Iónach) G nó D, Mód Ré (Dórach) G nó D, Mód Lá (Aeólach) G nó D. Ba chóir d'iarrthóirí a mhíniú freisin conas ar tháinig siad ar a bhfreagra.

Samplaí de Phoirt sa Mhód Lá (Aeólach):

- ***Mód Lá:*** The Fermoy Lassies (Ríl), The Kid on the Mountain (Port Luascach), The Old Grey Goose (Port Dúbailte), The Musical Priest (Ríl)

Tionscadal Taighde, Plé & Stór Ceoil (20 marc):

Tionscadal Taighde

Is éard is comhair a bheith sa Tionscadal Taighde ar leibhéal Ghrád 8 ná léirmheas ar cheolchoirm bheo ina bhfuil 1000 focal, agus ba chóir faisnéis a bheith ann faoin gceoltóir nó na ceoltóirí, ionad agus am an imeachta, an stór ceoil a seinneadh, saintréithe léirithe agus faisnéis chúlra ábhartha faoi na ceoltóirí. Ba cheart go mbeadh tuairim an iarrthóra agus an fhreagairt a bhí aige nó aici ar an léiriú san áireamh freisin. (féach ar leathanach 9 freisin)

Plé

Déanfar an Tionscadal Taighde a phlé le linn an scrúdaithe, agus beidh tábhacht mhór le cumas an iarrthóra cuimhneamh ar fhaisnéis ábhartha agus í a phlé. Ina theannta sin, beifear ag súil go mbeidh cur amach ag iarrthóirí ar thaifeadtaí ceoil thraidisiúnta a foilsíodh le gairid (taifeadtaí aonair agus taifeadtaí ensemble), mar aon le feasacht mhionsonraithe ar thaifeadtaí mórthionchair ón am atá caite, laistigh d'Éirinn agus lasmuigh di araon.

Stór Ceoil

Ní mór d'iarrthóirí ***Stórliosta*** a chur i láthair, ina moltar go mbeadh ***60 port*** ar a laghad (ina mbeidh 9 gcineál dhifriúla foinn ar a laghad), gan na poirt a seinneadh cheana féin sa chuid Léirithe san áireamh.
Ba cheart go mbeidís ábalta míreanna gearra as aon phort ar an Stórliosta a sheinm, agus na cineálacha éagsúla port atá ar an liosta a phlé.

Litearthacht (10 marc):

Iarrfar ar iarrthóirí na 3 Scála Mhódúla seo a leanas i mórscála D a sheinm suas agus síos:
Mód Ré (Mód Dórach), Mód Lá (Mód Aeólach) agus Mód Só (Mód Micsilidiach) [de Mhórghléas D .i. A, B, C#, D', E',F'#, G',A'].

Iarrfar ar iarrthóirí triail amharcléimh a sheinm ina mbeidh ríl 16 bharra (port 2 chuid, gan aon athrá) i mórghléas D, mórghléas G nó mórghléas A, agus aird ar dhul chun cinn, líofacht agus cruinneas ginearálta i dtaobh nodaireachta / rithime. Tabharfar 2 nóiméad d'iarrthóirí chun staidéar a dhéanamh ar an gcliathnodaireacht sula dtosóidh siad.

SAINTEASTAS SA LÉIRIÚ

Is é an ***Sainteastas sa Léiriú*** an scrúdú deiridh sa chlár SCT, agus tá sé dírithe ar cheoltóirí den scoth a bhfuil Grád 6 agus Grád 7 den SCT críochnaithe acu agus a bhain amach marc Onóracha ar a laghad ar leibhéal Ghrád 8.

Iarrfar ar iarrthóirí clár ceadail aonair 40 - 45 nóiméad a léiriú, lena n-áirítear na poirt a chur in aithne ó bhéal, léiriú a ndéanfaidh painéal scrúdaitheoirí measúnacht air. Beidh fáilte roimh an bpobal freastal ar an léiriú agus táthar ag súil go seinnfidh iarrthóirí clár éagsúil de 15 port, ar a laghad, ina n-áireofar na catagóirí port seo a leanas, bunaithe ar a rogha féin: Ríl, Port Dúbailte, Cornphíopa, Fonn Mall, Damhsa Sciobóil, Sleamhnán, Polca, Port Luascach. Ní mór liosta clóscríofa d'ábhar an chláir a chur faoi bhráid an phainéil scrúdaitheoirí ar lá an scrúdaithe. Beidh ar a laghad saincheoltóir amháin ar an uirlis atá faoi scrúdú ar an bpainéal scrúdaitheoirí.

Táthar ag súil go gcuirfidh iarrthóirí i láthair ábhar ó na 3 chatagóir seo a leanas:

(a) Luath-Thaifeadtaí [sa chéad leath den 20ú haois]
(b) Bailiúcháin Foilsithe & Foinsí Lámhscríbhinní
(c) Nuachumtha [1980í ar aghaidh]

Déanfar an ceadal a mheasúnú sna réimsí seo a leanas:

Léirmhíniú	**45%**
Scileanna Teicniúla	**35%**
Rogha Cláir	**10%**
Cur i Láthair ar an Stáitse	**10%**

SÉISEANNA FOINN DON BHUNSRAITH

(Féadfar séiseanna a roghnú ó ghráid eile freisin)

FOINN

- An Ghaoth Aneas
- The Castle of Dromore
- Seán Ó Duibhir a'Ghleanna
- Óró Bog Liom í
- Níl 'na Lá
- Rachaidh Mise
- Éamonn a'Chnoic
- Blind Mary
- Bog Braon
- Buachaill ón Éirne
- Siobhán Ní Dhuibhir
- Eibhlín a Rún
- An Goirtín Eornan
- Slán le Máigh
- Thugamar féin an Samhradh Linn
- Anonn 's Anall
- An Droimeann Donn Dílis
- Gleantáin Ghlas Ghaoth Dobhair
- Sí Bheag, Sí Mór

POIRT DAMHSA

- An Coilleach ag Fógairt an Lae
- An Bóthar ó Thuaidh go hÁrann
- Were you at the Fair?
- Maggie in the Wood
- The Rakes of Mallow
- I have a Bonnet trimmed with Blue
- Teachín an Ghleanna
- An Bhó Chiarraíoch Peg
- Ryan's Polka
- John Brosnan's
- Follow me up to Carlow
- Nora Daly
- All the way to Barna
- Off She Goes
- John Kelly's Jig
- Maggie Pickins
- Donan's Mazurka
- Bhíosa Lá 'bPort Láirge
- East Limerick Polka
- Nead na Lachan sa Mhúta
- Cuirfimíd Dandy
- Oh! The Britches full of Stitches
- Beidh Aonach Amárach
- Shoe the Donkey

MÁIRSEÁLACHA

- O'Neill's March
- Fáinne Geal an Lae
- Óró Sé do Bheatha 'bhaile
- God Save Ireland
- The Boys of Wexford
- Ding Dong Dederó
- The Foggy Dew
- The Three Flowers
- The Minstrel Boy
- O'Neill's Cavalcade
- Napoleon Crossing the Alps
- The Battle of Aughrim
- The Return to Fingal
- Kelly the Boy from Killane
- O'Donnell Abú
- The Harp that Once
- The Mountains of Pomeroy

SÉISEANNA FOINN DO GHRÁD 1 – GRÁD 5

(Féadfar séiseanna a roghnú ó ghráid eile freisin.
Tá na Foinn Mhalla ar an liosta ábhartha i gcás Ghrád 3, Ghrád 4 agus Ghrád 5)

POLCAÍ

- Glen Cottage 1 & 2
- Brosna/O'Keeffe's/Ballydesmond 2
- Pádraig O'Keeffe's/Nell Fees/The Cascade
- Gullane Polka
- The Dark Girl Dressed in Blue
- The Banks of Inverness
- Britches buttoned on
- Donal Murphy's
- Ní Magadh Leat a Táimse
- As I went up on the Ice
- Ballydesmond 2 & 3
- Lackagh Cross
- Sweeney's Polka
- Tarrant's/The Blue Ribbon
- The Scartaglen/Denis Murphy's
- The East Limerick Polka 2
- The Spanish Lady
- Farewell to Whiskey
- The Dark Girl Dressed in Blue
- Terry Teehan's
- Donncha Lynch's/Dul dtí's na Rásanna

MÁIRSEÁLACHA

- Seán Nugent's March
- Bonny Prince Charlie
- The Battle of Aughrim
- Mo Ghiolla Mear
- Boyne Water
- Shane O'Neill's March
- I won't be a Nun
- Auchadon House
- McGuire's
- O'Sullivan's March
- Georgina's March

POIRT DHÚBAILTE

- Scatter the Mud
- Saddle the Pony
- The Luck Penny
- The Humours of Glendart
- The Miller of Glanmire
- The Kesh Jig
- The Maids on the Green
- The Munster Jig
- Down the Back Lane
- Garret Barry's Jig
- Strop the Razor
- The Connacht Man's Rambles
- Old Tipperary
- The Rambling Pitchfork
- Paddy's Return
- Out in the Ocean
- Port Cill Channaigh
- An Buachaillín Fionn
- Apples in Winter
- Fanning's
- The Geese in the Bog
- The Ship in Full Sail
- The Mist on the Meadow

FOINN MHALLA (Grád 3, Grád 4, Grád 5)

- Port na bPúcaí
- Sliabh Geal gCua
- Táimse im'Chodhladh
- Coinnleach Ghlas an Fhómhair
- De Bharr na gCnoc
- Blind Mary
- A Spailpín a Rún
- Sé Fáth mo Bhuartha
- Úna Bhán
- Maidin Luan Chincíse
- Úr Chill an Chreagáin
- An raibh tú ag an gCarraig
- Amhrán na Trá Báine
- Ar Éirinn ní nEosfainn cé hí
- An Mhaighdean Mhara
- An Caisideach Bán
- The Ship in Full Sail
- The Mist on the Meadow
- The Dear Irish Boy
- Rocking the Cradle
- Bean Dubh an Ghleanna
- Sliabh na mBan
- Liam Ó Raghallaigh
- Mo Mhúirnín Bán
- Aisling Gheal
- Seolfaimíd araon na Géanna romhainn
- Na Connery's

CORNPHÍOPAÍ

- Ben Hill/Spellan's Fiddle/ Callaghan's
- The Derry Hornpipe
- The Fisher (First Setting)
- The Friendly Visit
- Chief O'Neill's Favourite
- Alexander's Hornpipe
- The Plains of Boyle
- Kitty's Wedding
- Paddy O'Brien's
- The Few Bob
- An Comhra Donn
- The Home Ruler
- Cronin's
- Off to California
- The Boys of Blue Hill
- The Harvest Home
- The Tailor's Twist
- Cruach an Choirce /Cornphíopa Lady Alexander
- Cornphíopa Uí Bhriain
- The Pleasures of Hope
- Garraí na bhFeileoig/Miss Galvin

POIRT SHINGILE

- Stoneybatter/The Temple House/ Grier's #37
- The Echoes of Killarney
- Barrack Hill
- The Peeler and the Goat
- Cock your Pistol Charlie
- Sergeant Cahill's Favourite
- Is it the Priest you want?
- Off She Goes
- Trip it up Stairs
- Rogha Mháire Uí Bhraonáin
- An Brístín Mire
- Elizabeth Kelly's Favourite
- What ails you
- Hunt the Cat
- Pléaracha Dhoire an Chreasáin
- Cis Ní Liatháin
- Port an Eachréidh

RÍLEANNA

- The Lady on the Island
- The Concert Reel
- The Wind that Shakes the Barley
- The Boyne Hunt
- Drowsy Maggie
- The Skylark
- Miss Monaghan
- The Little Bag of Peaties
- The First House in Connaught
- The Sailor on the Rock
- The Bank of Ireland
- The Morning Star
- Gearrchaile Bhaile Mhistéala
- Gearrchailín an Dhúin Mhóir
- The Sligo Maid
- The Star of Munster
- The Templehouse
- The Swallow's Tail
- The Red Haired Lass
- The Merry Blacksmith
- The Wise Maid
- The Belles of Tipperary
- The Tarbolton
- The Longford Collector
- The Sailor's Bonnet
- The London Lassies
- Morrison's Reel
- Last Nights Fun
- The Mountain Road
- Rolling in the Ryegrass
- The Humours of Tulla
- The Heather Breeze
- Ah! Surely
- The Union Reel

POIRT LUASCACHA

- Hardiman the Fiddler
- The Foxhunter's Jig
- Drops of Brandy
- The Swaggering Jig
- The Boys of Ballisodare
- Cnoic Aitheannach Liatroma
- A Blast of Wind
- Dever the Dancer
- Humours of Whiskey
- Cuir bárr air
- The Dragon Fly
- The Honey Bee
- Comb your hair and curl it
- Eilish Kelly's Delight
- Gurty's Frolics
- Will you come down to Limerick

SÉISEANNA FOINN DO GHRÁD 6, GHRÁD 7 agus GHRÁD 8

(Féadfar séiseanna a roghnú ó ghráid eile freisin)

MASÚRCAÍ

- Peeler Creek
- Sonny's Mazurka
- The Irish Mazurka
- An Fhalaigín Mhuimhneach
- Shoe the Donkey
- The Old Donegal Mazurka

FLAINGEANNA

- Mrs Galvin's
- John Roche's
- Love will you marry me
- Knocktoran Fair
- Moneymusk
- An Buachaill Dreoite
- Cuz Teahan's
- Up and Down the Hill
- Mary Brennan's Fling

SCHOTTISCHE

- Castles in the Air
- Sweet Flowers of Milltown
- The Festival
- Queen Anne's
- Green Grow the Rushes O!
- The Cat that Kitted in Jamie's Wig
- Miss Crawford
- Killarney Wonder

DAMHSAÍ SCIOBÓIL

- John McKenna's
- The Curlew Hills
- Peach Blossoms
- If there weren't any women in the World
- The Belle of the Ball
- The Merry Priest
- Thart timpeall Lios na Síthe
- The Chaffpool Post

MÁIRSEÁLACHA CLAINNE

- The March of the King of Laois
- Maguire's March
- Mórmháirseál Uí Dhonnchú
- Allistrum's March
- Brian Boru's March
- O'Donovan's March
- O'Brien of Arra
- The First Clan March of the O'Sullivan's
- O'Sullivan's March
- McNamara's March
- Sir Patrick Bellow's March
- The Ulster Outcry
- The Leinster Outcry
- The Connaught Outcry
- The Munster Outcry

DAMHSAÍ SEITE

- The Three Sea Captains
- The Garden of Daisies
- The Ace and Deuce of Pipering
- The Kilkenny Races
- The Princess Royal
- Poll Ha'penny
- The Blackbird
- Madame Bonaparte
- King of the Fairies
- The Job of Journeywork
- Rub the Bag
- Jockey at the Fair
- The Hunt Bonaparte's Retreat
- The Lodge Road
- St Patrick's Day

FOINN MHALLA

- Caoineadh Luimnigh (Marbhna Luimní)
- Casadh na nGéanna
- Loch na gCaor
- An Tiarna Mhaigh Eo
- The Wounded Hussar
- Cath Chéim an Fhia
- O'Raghallaigh's Grave
- O'Crowley's Dream
- Easter Snow
- An Speic Seoigeach
- The Parting of Friends
- Táimse i m'chodladh
- Amhrán na Leabhar
- An Draigheann
- Na Géanna Fíáine
- The Lament for Staker Wallace
- Róisín Dubh
- Lord Mayo
- The Maid of Ballingarry
- Casadh na nGéanna Éire

RÍLEANNA

- The Wise Maid
- Bonny Kate
- The Broken Pledge
- The Old Torn Pettycoat
- Rakish Paddy
- The Concertina Reel
- Farewell to Connacht
- The Mullingar Races
- The Templehouse Reel
- Within a mile of Dublin
- Paddy Ryan's Dream
- The Salamanca Reel
- The Chicago Reel
- Never was piping so gay
- The Wild Swans of Coole
- The Glen Fiddler
- The Leitrim Lilter
- The High Road The Garavogue
- The Punch Bowl Kilcoon
- Ríl an Spidéil

RÍLEANNA - TRÍ CHUID NÓ NÍOS MÓ

- The Boys of Ballisodare
- Trip to Durrow
- The Maid of Mount Kisco
- Colonel Fraser
- The Humours of Ballyconnell
- Lord Gordon's
- The Graf Spey
- Christmas Eve
- Lord McDonald
- Miss McDonald
- Trim the Velvet
- The Jolly Tinker
- The Yellow Tinker
- The Bucks of Oranmore
- The Floggin Reel
- Lucy Campbell
- The Bunch of Keys
- Kilty Town
- The Red Bee
- Bunker Hill
- The Girl that broke my heart
- The Ballinasloe Fair
- The Dublin Reel

POIRT SHINGILE

- Get up Old Woman and Shake Yourself
- Behind the Bush in the Garden
- Paddy McFadden
- Sergeant Cahill's Favourite
- The Humours of Limerick
- The Fowler on the Moor
- The Humours of Kilclogher
- Ask my Father

POIRT LUASCACHA

- The Barony
- The Leitrim Quickstep
- Moll Roe
- The Butterfly
- Kitty come down to Limerick
- Will you come down to Limerick
- A Blast of Wind
- Hardy Man the Fiddler
- Give us a drink of water
- Riding a mile
- Elizabeth Kelly's Favourite
- Drops of Brandy
- The Boy in the Bush
- The Kid on the Mountain
- Gusty's Frolics

POIRT DHÚBAILTE

- The Pipe on the Hob
- The Carraroe Jig
- Rosemary Lane
- Sliabh Russell
- Seán Mac Glynn's Jig
- Tell her I am
- Nora Críonna
- Port Sheáin Sheosamh
- Sean Tiobraid Árainn
- The Wheels of the World

POIRT DHÚBAILTE - TRÍ CHUID NÓ NÍOS MÓ

- The Luckpenny
- Cherish the Ladies
- The Humours of Ennistymon
- The Doberman's Wallet
- Banish Misfortune
- The Humours of Ballyloughlin
- Paddy O'Rafferty
- Connie O'Connell's Jig
- The Cook in the Kitchen
- Doctor O'Neill's
- The Chorus Jigs
- The Monaghan Jig
- Strike the Gay Harp
- The Killimor
- Gillian's Apples
- The Frieze Britches
- The Old Grey Goose
- Tom Billy's
- The Blarney Pilgrim
- The Gold Ring
- The Battering Ram
- The Langstern Pony

PLANCSTAITHE

- Lord Inchiquin
- Colonel John Irwin
- Planxty Irwin
- First Air John Drury
- Planxty Drury
- Planxty Burke
- Planxty Drew
- Planxty McGuire
- Planxty Sudley
- Planxty John O'Connor
- Planxty George Brabazon
- Planxty O'Rourke
- Planxty Johnston
- Planxty Madame Maxwell
- Eleanor Plunkett
- Planxty Browne

CORNPHÍOPAÍ

- Fuaim na Farraige
- The High Level
- An Móinteáin
- The Exiles Return
- Flaherty's Hornpipe
- Old Man Quinn
- The Shaskeen
- Johnny Cope
- Chief O'Neill's Favourite
- Kitty's Wedding
- The Liverpool Hornpipe
- Spellan the Fiddler
- The Sweep's Hornpipe
- The Quarrelsome Piper
- The Groves

SLEAMHNÁIN

- Art O'Keeffe's
- Dawley's Delight
- Quarry Cross
- I'd rather be married than left
- Chase me Charlie
- The Kilcummin
- Slide An Chóisir
- The Lisheen Slide
- Eibhlín Ní Riordáin
- Biddy from Sligo
- Ceol a'Mhála
- Óró Bhuachaillín
- Merrily Kiss the Quaker's Wife
- The Bunratty Boys
- Denis Murphy's Slide
- The Brosna Slide
- Johnny Mickey's Slide
- Denis O'Keefe's Slide
- The Hare in the Corn
- If I had a Wife
- John Kelly's Slide
- Dan O'Keefe's Slide
- The Glen Cottage Slide
- Danny Abs'
- The Star above the Garter
- Daithín Davy's
- The H Note
- Tuar Slide
- Johnny O'Leary

COMHALTAS